Truagh cor chloinne hÁdhaimh

[Cuthbert McGrath, O.F.M., ‘Three poems by Bonabheantúra Ó hEódhasa, O.F.M.’, *Éigse* 4, 175-96]

Bonabheantúra (alias, Giolla Brighde) Ó hEódhasa cct.

S. Bearnárd do chum an dánsa san teangaidh Laidne, a dtarcaisne an tsaoghail, ní sa líonmhaire iná mar atá annso. An bráthair bocht rémhráid*h*the (Bonabheantúra Ó hEódhasa) do chum a nGaoidhilg an mhéid-si dhe.

1 Truagh cor chloinne hÁdhaimh -
aimhghlic ceird an chonnláin;
díomhaoin dóibh a deighréir
glóir dhíomhaoin an domhnáin.

2 Aoibhneas, is f*h*áth tuirsi,
toice bhocht an bheatha:
téid a gal s[o]in seacha
mar ghoil ré gcar gceatha.

3 N[í] fhuil innte acht lasair,
nó lit*re* ar leic oighridh,
nó brúcht shoighnéin shiobhlaigh
ar dtoirléim ó thoirnigh.

4 Truagh, truagh don tí mheallas
moil bhréigi is beag dtoraidh;
gnáth diombuadh ’na d*h*eaghaidh
bláth diombuan an domhain.

5 Glóir dhíomhaoin an domhain
duille a ngaoith ar gluasacht;
treall, dá b*h*faghtha a [h-]iasacht
gabhtha greann ré a guasacht.

6 Mairg do-gheibh an nglóirsi;
gearr mhaireas a meadhuir;
’s biaidh, go cian, fá a comhair,
an phian ’na diaigh dleaghair.

7 Caidhe a-nois neart Sámsóin,
nó saoirEarcuil s*h*laitshídh,
neartghoil Chon an Chleitín,
gomh Eachtair nó Aicíl!

8 Cáit fós a bhfuil Solamh,
saoi go n-eagna n-iomláin,
nó an ríomhac seang sog*hrá*idh,
Ionat, do bf*h*earr n-iomráidh!

9 Caidhe cumhacht Shésair
nó sén Aileaxandair!
caidhi an carn chlach gcumhdaigh,
rath na n-arm nó an ardghoil!

10 Caidhe áille Abslón,
inntleachd Ariostotuil,
teanga thrén Thuil Sicir,
ó bhruil frémh gach focuil!

11 A cholann, a cholann!
ad-chí cealga an tsaoghuil;
bíoth ort iná n-<u>amha[i]n
a chríoch bhochd, a bhaoghuil.

12 A bheatha bhiasd gcíordhubh,
a charn luatha ar luaghal,
a bhláth ghég ar ngránadh -
créd is f*h*áth dot uabhar!

13 Gearr go mbia béisd chíocrach
ag creinn do chnámh rolom
a mbrugh chriadh bús cumhang,
a bhiadh crumh, a cholann!

14 Gearr go mbia an béal corcra,
'na chriaidh f*h*uair d'éis dubhaidh,
's meoir thiomchaola an troighigh
fa fhionnchaonna ar uluidh.

15 Budh iomdha go h-aithghearr,
a n-áit na rosg rédhghlan
's fán taobh seada sídhgheal,
leaba ag daol gá dérghadh.

16 Ag sin críoch do chumuinn
ris an gcruinne gcealguigh,
má a-taoi ar tí do chumhduigh
ná ad claoi, a chlí, dá cearduibh.

17 Muna fhag*h*thar uaibhsi
umhlacht, aigneadh síothbhuan,
grádh coitcheann gan chlaochlódh,
b*h*ur bhfoirchionn budh fíorthruagh.  TRUAGH.